ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Gníomhaíocht AN01

Téama
Gníomhaíocht ranga faoin aer (GR) nó Taispeántas faoi dhíon (T). Cá mhéad den Domhan atá ar fáil le daoine a choinneáil slán agus cad é an chaoi a bhfuilimid ag tabhairt aire don Domhan?

Cuspóirí
Smaoineamh ar an nádúr teoranta a bhaineann le hacmhainní agus na brúnna a bhíonn ar na hacmhainní sin ar fud na cruinne agus léiriú a dhéanamh cé go smaoinimid ar an Domhan mar áit mhór, gurb é fírinne an scéil gur áit an-bheag go deo é le gach ní beo a choinneáil slán.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht – Feasacht agus cúram imshaoil

OSIE, Tíreolaíocht – Imshaoil nádúrtha; Carraigeacha agus ithreacha; Ithreacha

OSPS – Mé féin agus an domhan mór; Cúram imshaoil

Scileanna
Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag léirmhíniú

Am
30 nóiméad

Cá seasann tusa?

→ AG IMSCRÚDÚ ÁR GCUID FÉIN DEN DOMHAN

CAD A THEASTÓIDH UAIT

→ Píosa cailce

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

Sa Seomra Ranga

Faigh amach cá mhéad de mhuintir an Domhain a seasann gach duine de do chuid daltaí dóibh. Mar shampla tá thart ar 6 billiún duine ar Domhan, agus mar sin má bhíonn 24 dalta agat seasann gach duine acu do 1/4 billiún duine.



Taobh Amuigh

Tarraing ciorcal mór le cailc a bheidh ag seasamh don Domhan taobh amuigh ar áit éigin crua (ar nós an chlóis shúgartha uil-aimsire). D'fhéadfá snáithe agus cailc a úsáid ar nós compáis le haghaidh ciorcal maith a dhéanamh. Leis an méid is fearr a roghnú, samhlaigh an rang ar fad brúite ina chéile gan aon chompord agus tarraing an ciorcal thart ar 20 uair níos mó ná an spás a thógfaidís suas.

1. Tosaigh ag insint do na daltaí gurb é seo dromchla an Domhain. Tabhair cead dóibh imeacht leo astu féin agus lena fháil amach cé chomh mór agus atá sé.
2. Roinn an ciorcal i gceathrúna le líne chailce. Abair leis na daltaí go seasann trí cinn de na ceathrúna don uisce. Iarr orthu ar fad seasamh ar an gceathrú a bheidh fágtha.
3. Déan dhá leath den cheathrú sin le marc cailce. Is leac oighir, sléibhte nó seascainn é leath amháin agus nílimid in ann cónaí ann. Iarr ar na daltaí ar fad seasamh i mullach a chéile ar an bpíosa a bheidh fágtha.
4. Roinn an píosa beag deiridh i gceithre chuid. Ní bheidh ach píosa amháin oiriúnach le haghaidh bia a fhás. An mbeidís ar fad in ann seasamh ar an bpíosa sin?

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Gníomhaíocht AN01

ar leanúint →

5 Iarr ar na daltaí smaoineamh orthu féin agus iad ar fad ag iarraidh fanacht ar an bpíosa beag le chéile, iad ag coinneáil a chéile suas agus iad ag déanamh iarrachta gan titim taobh amuigh den líne.

6 Anois iarr orthu smaoineamh ar cad a tharlódh dá n-éireodh an píosa seo níos lú arís? Cad faoi dá ndéanfaimis damáiste do chuid de agus muid fágtha le níos lú arís? Cad faoi dá n-ardóimis an líon daoine a bhfuil baint acu leis gan méid na háite féin a bhfuiltear in ann seasamh air a athrú?

Leagan den Taispeántas Taobh Istigh

Féadfar an ghníomhaíocht seo a dhéanamh chomh maith mar thaispeántas taobh istigh a dhéanfaidh an múinteoir. D'fhéadfaí an leagan seo a úsáid freisin mar ghníomhaíocht i ndiaidh na gníomhaíochta taobh amuigh le deis a thabhairt tuilleadh plé a dhéanamh ar an gceist.

CAD A THEASTÓIDH UAIT

- Dhá úlla
- Scian

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

1 (Croch úll amháin san aer) Seasann sé seo don Domhan. Cá mhéad de seo is ea ithir ina bhféadfaimís ár gcuid bia a fhás?

2 (Gearr an t-úll i gceithre chuid) Seasann 3 chuid do fharraigí an Domhain, seasann 1 cuid amháin don talamh (leag na 3 phíosaí farraige ar leataobh)

3 (Déan dhá leath den chuid a sheasann don talamh) Is ionann 1 cuid agus fásaigh, seascainn, An Antartaice, an tArtach agus sléibhte. Is ionann an chuid eile agus an áit ina gcónaíonn daoine agus ina gcuirtear bia.

4 (Gearr i 4 chuid an píosa a sheasann don talamh áit a bhféadfaí bia a fhás) tá 3 chuid ró-chlochach, ró-fhliuch, ró-the nó ró-fhorbartha, nó tá caighdeán ithreach ann nach bhfuil sách saibhir le haghaidh bia a fhás ann.

5 (Bain an craiceann den phíosa deiridh) seasann an píosa beag craicinn seo d'ithir an Domhain ar a mbíonn daoine ag brath le haghaidh táirgeadh bia. Ní athróidh sé sin – más tada é gheobhaidh sé níos lú (croch an píosa beag san aer agus cuir i gcomparáid é leis an dara húll, nach bhfuil tada déanta leis.)

Ceisteanna

1 Cad faoi má éiríonn sé níos lú? Cad faoi má bhíonn tuilleadh daoine ann leis an bpíosa seo a roinnt?